Rialachán an Státrúnaí Sláinte,
Leasa agus Spóirt an , lena leasaítear an
Rialachán maidir le Táirgí Tobac agus Caitheamh Táirgí Tobac
d’fhonn liosta breiseán atá toirmiscthe le haghaidh táirgí tobac
agus toitíní leictreonacha a leagan síos

An Státrúnaí Sláinte, Leasa agus Spóirt,

Ag féachaint d’Airteagal 2(1) den Ghníomh um Tháirgí Tobac agus Caitheamh Táirgí Tobac, d’Airteagail 2.3 agus 2.4(1) den Fhoraithne maidir le Táirgí Tobac agus Caitheamh Táirgí Tobac agus d’Airteagal 7(6) de Threoir 2014/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le comhfhogasú dhlíthe, rialacháin agus fhorálacha riaracháin na mBallstát a bhaineann le monarú, tíolacadh agus díol tobac agus táirgí gaolmhara agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/37/CE (IO 2014 L 127);

Foraithnítear an méid seo a leanas:

**Airteagal I**

Leasaítear an Rialachán maidir le Táirgí Tobac agus Caitheamh Táirgí Tobac mar a leanas:

A

Leasaítear Airteagal 1.1(1) mar a leanas:

1. An sainmhíniú ar Iarscríbhinn is mar seo a leanas a léitear é:

*Iarscríbhinn 1*: Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Rialachán maidir le Táirgí Tobac agus Caitheamh Táirgí Tobac;

2. Cuirtear na téarmaí agus na sainmhínithe seo a leanas isteach in ord aibítre anois:

*Iarscríbhinn 2*: Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an Rialachán maidir le Táirgí Tobac agus Caitheamh Táirgí Tobac;

B

In Airteagal 2.2(1)(a), cuirtear ‘Iarscríbhinn 1’ in ionad ‘an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo’.

C

Cuirtear mír nua le hAirteagal 2.6, a léitear mar seo:

> 3. Áireofar in aon chás na breiseáin dá dtagraítear i mír 1 agus in Airteagal 7(6) den Treoir um Tháirgí Tobac na breiseáin a liostaítear in Iarscríbhinn 2.

D

Leasaítear Airteagal 2.10 mar seo a leanas:
1. Cuirtear ‘1.’ isteach roimh an téacs.
2. Cuirtear mír isteach, a léitear mar seo:

> 2. Maidir leis na breiseáin dá dtagraítear in Airteagal 20(3)(c), arna léamh i gcomhar le hAirteagal 7(6) den Treoir um Tháirgí Tobac, áireofar in aon chás na breiseáin a liostaítear in Iarscríbhinn 2.

E

Athuimhrítear mír 3 agus mír 4 go mír 4 agus mír 5, cuirtear mír isteach in Airteagal 2.11, a léitear mar seo:

> 3. Áireofar ar na breiseáin dá dtagraítear i mír 2 na breiseáin a liostaítear in Iarscríbhinn 2 in aon chás.

F

Léitear ceannteideal na hIarscríbhinne mar seo a leanas:
**Iarscríbhinn 1. A bhaineann le hAirteagal 2.2**

G

Cuirtear isteach Iarscríbhinn 2 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

**Airteagal II**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an 1 Eanáir 2024.

Foilseofar an Rialachán seo agus na nótaí míniúcháin in Iris an Rialtais.

An Státrúnaí Sláinte,
Leasa agus Spóirt,